Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Phlean Oidhreachta Fhine Gall
# 2024 – 2030



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

PLEAN
OIDHREACHTA
FHINE GALL 2024-2030

fingal.ie



McGee

PLEAN
# OIDHREACHTA
FHINE GALL 2024-2030

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Brollach



## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach

Tá áthas orm an ceathrú Plean Oidhreachta d'Fhine Gall a fheiceáil ina gclúdaítear na bliana ó 2024 go dtí 2030. Sa phlean seo leagtar amach creat soiléir trínar féidir linn dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn maidir lenár sócmhainní oidhreachta, agus oidhreacht Fhine Gall a chosaint, a bhainistiú agus a cheiliúradh. Leis an bplean seo, cuirtear leis na pleananna agus leis an obair a rinneadh roimhe seo, agus léirítear ann cuir chuige nua chun daoine óga agus daoine ó chúlraí éagsúla a mhealladh agus a spreagadh. Le blianta beaga anuas, táimd tar éis cur leis an sainmhíniú agus an tuiscint atá againn ar an oidhreacht agus aithníonn an plean seo gach gné denár n-oidhreacht, idir ghnéithe inbhraite agus ghnéithe dobhraite. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo siúd go léir a raibh páirt acu an doiciméad seo a chur le chéile. Léiríonn sé an tiomantas atá ann i gcónaí ó fhoireann feidhmiúcháin Fhine Gall agus ó na baill tofa chun ár n-oidhreacht a chosaint agus a chur chun cinn. Táim ag súil le Plean Oidhreachta Fhine Gall 2024-2030 a chur i bhfeidhm agus leis na buntáistí a bheidh le brath acu siúd atá ina gcónaí i bhFine Gall, ag obair ann agus ar cuairt ann.

**AnnMarie Farrelly**
**Príomhfheidhmeannach**



## Teachtaireacht ón Méara

Cuirim fáilte ó chroí roimh an bPlean Oidhreachta nua seo, ina sholáthraítear bunús láidir don chomhoibriú agus don chruthaitheacht, a chuimsíonn raon leathan téamaí oidhreachta. Sna spriocanna atá leagtha amach anseo, feictear an toradh a bhí ar an bpróiseas cuimsitheach rannpháirtíochta a reáchtáladh le mórán grúpaí, le daoine aonair, le heagraíochtaí agus le páirtithe leasmhara. Gabhaim buíochas leo siúd go léir a thug a gcuid ama don phróiseas agus a chuir a smaointe agus an t-eolas atá acu in iúl dúinn. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le baill Fóraim Oidhreachta Fhine Gall, le hOifigeach Oidhreachta Fhine Gall, Christine Baker, agus leis an gComhairle Oidhreachta as an tacaíocht a chuir siad ar fáil. Is plean é seo atá faoi stiúir an phobal agus atá dírithe ar an bpobal, agus thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall, mholfainn do gach duine páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí atá leagtha amach aseo de réir mar a chuirimid an plean seo i bhfeidhm.

**An Clr. Adrian Henchy**
**Méara**

# Clár Ábhair

Réamhrá 4

Comhthéacs Polasaí do Phlean Oidhreachta Fhine Gall 2024-2029 7

Ár Luachanna 9

Spriocanna Straitéiseacha 10

1. Ár nÁit a Chosaint 13

2. Ár Scéalta a Roinnt 15

3. Gníomhú ar son na hAeráide don Oidhreacht 17

4. Ár nGuthanna go léir 19

5. Eolas a Chruthú 21

6. Oidhreacht Inrochtana 23

Cur i bhFeidhm 24

*Aguisín 1. Tionscadail Féideartha* *25*

*Aguisín 2. Seirbhísí Oidhreachta Fhine Gall* *27*

*Aguisín 3. Modheolaíocht agus Rannpháirtithe* *30*

# Réamhrá

## Cad atá i gceist againn leis an bhfocal 'oidhreacht'?

Is í an oidhreacht ná na rudaí atá thógamar linn ón am atá caite chun luach a chur orthu agus taitneamh a bhaint astu san am atá anois ann, agus chun iad a chaomhnú agus a chur ar aghaidh do na glúnta atá le teacht. Cuimsítear ann: **rudaí atá inláimhsithe** – ár suíomhanna seandálaíochta, suíomhanna stairiúla, foirgnimh, séadchomharthaí, diméinte stairiúla, déantúsáin agus cartlanna; **an dúlra** – muirdhreacha, bealaí uisce, tírdhreacha, geolaíocht, flóra agus fána; agus **na rudaí atá doláimhsithe** – lena n-áirítear custaim, spóirt, béaloideas, ceardaíocht, scileanna agus traidisiúin.

## Faoin bPlean Oidhreachta

I bPlean Oidhreachta Fhine Gall 2023-2029, leagtar amach fís chun ár n-oidhreacht chomhroinnte a chosaint do gach duine i bhFine Gall agus do na gníomhaireachtaí agus na grúpaí ábhartha go léir ar fud an chontae. Tá an plean bunaithe ar fhreagracht chomhroinnte a ghlacadh don oidhreacht. Nuair a bhraithimid an ceangal leis an oidhreacht agus nuair a cheiliúraimid í, tagann feabhas ar ár bhfolláine agus braithimid sa bhaile. Is cuid dúinn í an oidhreacht.

I bhFine Gall tá pobal againn atá ag fás, atá measartha óg agus ina bhfuil éagsúlacht ó thaobh eitneachta de. Tá stair uathúil againn agus oidhreacht shaibhir. Ón tírdhreach agus ón mbithéagsúlacht atá ar an gcósta go dtí ár suíomhanna seandalaíochta, ár dtithe agus ár dtailte stairiúla mar aon lenár dtraidisiúin talmhaíochta, thionscail agus muirí, tá an oidhreacht le brath thart orainn i gcónaí. Tá sí le brath freisin inár scileanna traidisiúnta, ár dteanga, ár mbéaloideas agus sa cheol atá againn. Is í aidhm an phlean seo ná daoine a chumasú ceangal a dhéanamh leis an oidhreacht uathúil agus éagsúil atá béal dorais againn trí gach gnéith den oidhreacht a chur san áireamh agus aird a dhíriú ar an gcaoi a bhfuil siad fite fuaite ina chéile.

Is creat é an Plean Oidhreachta atá leagtha amach faoi sé théamaí nó réimsí mar threoir don phobal, don Chomairle agus do na páirtithe leasmhara go léir a oibríonn i bhFine Gall chun ár n-oidhreacht uathúil a chosaint, a roinnt agus a cheiliúradh. Aithníodh na tosaíochtaí seo tar éis dul i gcomhairle leis an bpobal, an stát agus earnálacha neamhrialtasacha. Leagann an Plean amach sraith de ghníomhartha agus de thorthaí do gach téama.

## Tacú leis an Oidhreacht

Is é seo an ceathrú Plean Oidhreachta do Fhine Gall agus cuirfidh sé leis an obair atá déanta go dtí seo chun ár n-oidhreacht a chosaint agus a cheiliúradh. Seo a leanas roinnt samplaí de thionscadail a fuair tacaíocht ón Oifig Oidhreachta, ó fhoilseacháin chlóbhuailte go dtí físeáin, léarscáileanna digiteacha agus turais fhíorúla bunaithe ar théamaí oidhreachta, mar shampla, scileanna traidisiúnta, scéalta faoi dhaoine agus áiteanna, agus gníomhú ar son na haeráide don oidhreacht.



### Tionscadal Tuíodóireachta Fhine Gall agus Tuarascáil

Dearadh Tionscadal Tuíodóireachta Fhine Gall 2022 chun scéal na tuí i bhFine Gall a ghabháil agus a chaomhnú do na glúnta atá le teacht. ó na tithe ceann cuí go dtí na daoine a bhí ina gcónaí iontu, agus na traidisiúin go léir a bhaineann leis an tuí i bhFine Gall. Trí fhíseáin agus mapa scéil, tá sé mar aidhm ag Tionscadal Tuíodóireachta Fhine Gall cuimhní na dtuíodóirí agus an phobail a roinnt mar aon le grianghraif agus doiciméid a bhaineann leis an oidhreacht dhúchasach seo.

Féach https://www.fingal.ie/fingal-thatch-project-and-report




### Oidhreacht Fhine Gall ó Lastuas

Is sraith scannán é seo ina thaispeántar suíomhanna oidhreachta i bhFine Gall. Seoladh iad le linn Seachtain na hOidhreachta 2020 agus is comhoibriú é idir Mark Broderick, an tOifigeach Digiteach agus Christine Baker, an tOifigeach Oidhreachta. Tosaíonn an tsraith le scéalta faoi oileáin Sceirí agus ina dhiaidh sin, feictear Dún Cinn Tíre Dhroim Meánach agus Diméin an Droichid Nua.

Oileáin Sceirí: https://youtu.be/AbtzS1YxRHI

Dún Cinn Tíre Dhroim Meánach: https://youtu.be/pDR_k2DTe5s

Diméin an Droichid Nua: https://youtu.be/jKPc16v1LcQ

Baile Brigín: https://youtu.be/UQbdtv9oxi8

## Grianghraif d'Fhine Gall mar a Bhí

I nGrianghraif d'Fhine Gall mar a Bhí, cuirtear i láthair grianghraif ina léirítear an t-am atá thart i bhFine Gall agus na scéalta taobh thiar díobh. Is taispeántas é seo ina fheicimid scéalta faoi dhaoine, áiteanna, spórt agus traidisiúin. Is baill den phobal a chuir isteach iad. Tá scéalta faoina gceantar féin á gcur i láthair freisin ag baill de Líonra Oidhreachta Fhine Gall.

Chun an taispeántas Grianghrafadóireachta a fheiceáil ar líne, féach https://youtu.be/-uWnyVcCjJk




## Oidhreacht Fhine Gall Aeráid X

Sa Tionscadal Oidhreacht Fhine Gall Aeráid X, féachtar ar an éifeacht leanúnach atá ag an athrú aeráide ar láithreáin oidhreachta ar fud an chontae. Déantar freisin measúnú ar an riosca atá ag gabháil leis agus an pleanáil is gá a dhéanamh don todhchaí. Leis an tSraith Straitéisí don Athrú Aeráide i bhFine Gall, cuirtear uirlisí ar fáil do rannpháirtithe chun cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide ar thairbhe oidhreachta an chontae.

Féach https://www.fingal.ie/heritage-and-conservation le haghaidh tuilleadh eolais mar gheall ar thionscadail oidhreachta Fhine Gall. Leagtar amach in aguisín 1 den phlean seo, tionscadail féideartha a moladh tríd an bpróiseas comhairliúcháin nó a leanann ar aghaidh ó thionscadail sheanbhunaithe.

# Comhthéacs Polasaí do Phlean Oidhreachta Fhine Gall 2024-2029

Beidh cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Fhine Gall bunaithe ar réimse polasaí agus pleananna ag an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil.

## Ag an leibhéal idirnáisiúnta

- **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe** mar atá leagtha amach sa Chlár Forbartha Inbhuanaithe 2030, Ár nDomhan a Athrú ó Bhonn
- **Coinbhinsiún EOECNA um Chosaint na hOidhreachta Chultúrtha Faoi Uisce** (Paris, 2001)
- **Coinbhinsiún um Chosaint Oidhreachta Seandálaíochta na hEorpa** (Valletta 1992)
- **Coinbhinsiún um Chosaint Oidhreachta Seandálaíochta na hEorpa** (Granada, 1985)
- **Cairt ICOMOS na hAstráile um Chaomhnú Áiteanna a bhfuil Tábhacht Shuntasach ag baint leo** (Burra Charter, 1979)

## Ag an leibhéal náisiúnta

- **An tAcht Oidhreachta 1995.**
- **Tionscadal Éireann 2040, An Creat Náisiúnta Pleanala (CNP)**[1] Fís straitéiseach ardleibhéil an Rialtais chun cruth a chur ar fhás agus ar fhorbairt an chontae iomláin thar tréimhse 20 bliain. Cuirtear an bhéim ann ar an oidhreacht mar thosaíocht infheistíochta straitéiseach agus aithnítear 'Áiseanna agus Oidhreacht Feabhsaithe' mar Thoradh Náisiúnta Straitéiseach.
- **Oidhreacht Éireann 2030**[2] is creat é seo chun oidhreacht na hÉireann a chosaint, a chaomhnú, a chur chun cinn agus a bhainistiú do na deich mbliana atá romhainn.
- **Ár nÁit sa Stair, Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023–2028** bunaithe ar sé cholún straitéiseacha: Ceannaireacht agus Maoirseacht; Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht; Taighde; Comhpháirtíocht; Pobail; Oideachas agus Rannpháirtíocht.

1 Tionscadal Éireann 2040, an Creat Náisiúnta Pleanála gov.ie - National Planning Framework - Ireland 2040 Our Plan (NPF) (2018) (www.gov.ie)

2 Oidhreacht Éireann 2030 gov.ie - Heritage Ireland 2030 (www.gov.ie)

## Ag leibhéal an chontae

- **Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029** leagtar amach ann creat spásúil mar threoir don fhorbairt sa Chontae. Aithnítear agus treisítear ann an ról lárnach atá ag an oidhreacht ag an gcultúr agus ag na healaíona chun áiteanna a chothú agus a chruthú atá mealltach, bríomhar agus taitneamhach.
- **Plean Gníomhaíochta Fhine Gall um Bithéagsúlacht 2022-2030** clár uaillmhianach ina bhfuil céad gníomh chun meath na bithéagsúlachta a aisiompú faoi 2030.
- **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Fhine Gall 2019–2024** Sa phlean déantar measúnú ar an mbaol atá ann ón athrú aeráide d'Oidhreacht Chultúrtha Fhine Gall agus aithnítear agus déantar measúnú ar na láithreáin ailtireachta agus seandálaíochta agus ar na tírdhreacha deartha atá i mbaol.
- **Plean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall 2019-2024**
- **Straitéis Chruthaitheach agus Chultúir Fhine Gall 2023-2027**
- **Plean Pobail Áitiúil agus Eacnamaíoch Fhine Gall (ar feitheamh)**
- **Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2023-2029**
- **Polasaí Bia agus Dí Fhine Gall 2023 – 2029**
- **Comhairle Contae Fhine Gall 2019-2025 Plean Ealaíon**
- **Plean Forbartha na Leabharlanna, Comhairle Contae Fhine Gall 2024-2029**
- **Straitéis um Imeascadh Imirceach agus Chomhtháthú Sóisialta 2019-2024**
- **Blas: Straitéis Bhia Fhine Gall – Creat Seachadta an Tionscadail 2023-2026**

# Ár Luachanna

**Is iad seo na luachanna agus na treoirphrionsabail ar a mbunófar an obair a dhéanfar faoin bPlean Oidhreachta seo.**

### Cosaint:

Cosnóimid agus ceiliúrfaimid ár n-áiteanna agus ár scéalta uathúla.

### Cuimsigh:

Baineann ár bplean le gach duine atá ina chónaí i bhFine Gall agus tá sé níos saibhre de bharr na nguthanna éagsúla atá sa cheantar.

### Meas:

Chun meas a léiriú ar an oidhreacht, is cuid lárnach í an dea-chleachtas agus an taifeadadh don chomhfhorbairt áite, don fhorbairt inbhuanaithe agus don ghníomhú ar son na haeráide.

### Comhoibriú

Táimid tiomanta an oidhreacht chultúrtha a imeascadh i dtionscadail lasmuigh den earnáil oidhreachta, agus comhoibreoimid le comhpháirtithe agus le pobail áitiúla chun deiseanna cruthaitheacha nua a fhorbairt agus chun an oidhreacht a roinnt.

# Spriocanna Straitéiseacha

Sa Phlean Oidhreachta Fhine Gall, leagtar amach sé sprioc agus téama straitéiseach ar a ndíreoimid ár n-iarrachtaí do na sé bliana atá le teacht. Tá gníomhartha agus torthaí inmhianaithe ag gabháil le gach ceann díobh. Rinneadh an cinneadh dul leis na téamaí seo tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean oidhreachta roimhe seo mar aon le próiseas comhairliúcháin. Dírítear sa phlean ar ionchar ón bhFóram Oidhreachta Fhine Gall, ó ghníomhaireachtaí ábhartha agus ón bpobal maidir le tosaíochtaí agus téamaí tábhachtacha ar chóir déileáil leo.

Ár nÁit a Chosaint

Ár Scéalta a Roinnt

Gníomhú ar son na hAeráide don Oidhreacht

Ár nGuthanna go léir

Eolas a Chruthú

Oidhreacht Inrochtana



# Ár nÁit a Chosaint

# 1. Ár nÁit a Chosaint

Caomhnóimid, bainisteoimid, cosnóimid agus feabhsóimid oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta, nádúrtha agus cultúrtha an Chontae, ar acmhainní teoranta luachmhara iad, trí dhea-bhainistíocht, trí idirghabhálacha íogaire agus trí fhorbairt tuisceanach a dhéanamh. Cosnóimid ár n-oidhreacht agus cothóimid ómós áite trí chomhoibriú agus rannpháirtíocht phobail.

| Gníomh | | Toradh |
|---|---|---|
| **1.1** | Comhoibriú maidir le Plean Bithéagsúlachta Fhine Gall 2022-2030 a chur i bhfeidhm; Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Fhine Gall (le foilsiú); Foraois Fhine Gall – Straitéis Crann d'Fhine Gall 2023-2032 agus Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2023-2029 | Cur i bhfeidhm comhtháithe de na Pleananna Oidhreachta, Bithéagsúlachta, Turasóireachta agus Gníomhaithe ar son na hAeráide. |
| **1.2** | An dea-chleachtas don oidhreacht a chur chun cinn trí chinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann an Chomhairle riachtanas na reachtaíochta ábhartha náisiúnta agus an AE trí threoir agus oiliúint a sholáthar ag leibhéal an phobail. | Aird an phobail a tharraingt ar an oidhreacht ó thaobh polasaí agus cleachtais de. |
| **1.3** | Acmhainn a thógáil chun scileanna traidisiúnta a chleachtadh agus tionscadail oidhreachta faoi threoir an phobail a reáchtáil ag an leibhéal áitiúil trí shraith de cheardlanna a fhorbairt mar aon le laethanta taispeántais agus imeachtaí d'fheirmeoirí, d'úinéirí d'fhoirgnimh stairiúla, do phobail áitiúla agus do dhaoine aonair a bhfuil suim acu san oidhreacht. | Bealaí inar féidir le daoine taitneamh a bhaint as rudaí a fhoghlaim faoina n-oidhreacht áitiúil agus faoi conas a bheith páirteach i gcúrsaí oidhreachta. |
| **1.4** | Leanfar ag obair le húinéirí de láithreáin seandálaíochta chun séadchomharthaí seandálaíochta a chaomhnú trí úsáid a bhaint as Ciste Séadchomharthaí an Phobail. | Tacaítear le caomhnóirí chun go gcosnóidh siad séadchomharthaí seandálaíochta don todhchaí. |
| **1.5** | Acmhainn a thógáil laistigh den Oifig Oidhreachta chun an Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm agus chun acmhainní a sholáthar maidir leis an oidhreacht a chosaint agus chun an pobal a spreagadh. | Méadú ar acmhainn do láithreáin oidhreachta i bhFine Gall. |
| **1.6** | Leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar Phleananna Bainistíochta Caomhnaithe agus soláthrófar acmhainní dóibh. Spreagfaimid daoine chun go n-úsáidfidh siad an próiseas bainistíochta caomhnaithe atá ann d'acmhainní oidhreachta sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon. | Is ar an bpróiseas caomhnaithe (bainistíochta) a bhunaítear an bhainistíocht a dhéantar ar áiteanna agus ar láithreáin oidhreachta i bhFine Gall – is cuma an bhfuil siad faoi úinéireacht agus faoi chúram poiblí, príobháideach nó pobail. |
| **1.7** | Comhoibriú le Ceannaireacht Fhine Gall chun tacú le agus forbairt a dhéanamh ar threoir dhea-chleachtais le haghaidh tionscadal oidhreachta faoi stiúir an phobail. | An oidhreacht a chosaint agus a chur chun cinn trí thionscadail atá faoi stiúir an phobail. |



# Ár Scéalta a Roinnt

# 2. Ár Scéalta a Roinnt

Scéalta a roinnt faoi áiteanna agus daoine, agus nasc a chruthú leis an bpobal go léir trí léirmhíniú agus chumarsáid ardchaighdeáin ábhartha atá dírithe go háitiúil, atá comhchruthaithe nó faoi stiúir an phobail.

| Gníomh | Toradh |
|---|---|
| **2.1** Tacú le Iniúchtaí Oidhreachta & Pleananna Léirmhínithe.le haghaidh cur chuige comhtháite iomlánaíoch maidir leis an oidhreacht áitiúil a aithint agus a léirmhíniú.<br>**2.2** Straitéisí a fhorbairt le haghaidh tionscadal atá faoi stiúir an phobail; treoir dhea-chleachtais a sholáthar (Treoir maidir le Comharthaíocht agus Cosáin Fhine Gall 2021) agus imeachtaí oiliúna.<br>**2.3** An fhoghlaim/roinnt maidir le scileanna traidisiúnta a éascú mar a bhaineann siad leis an oidhreacht thógtha, mhuirí agus nádúrtha.<br>**2.4** Deiseanna cistithe a chur chun cinn le haghaidh tionscadal oidhreachta áitiúla faoi stiúir an phobail. | Cuirtear ar chumas an phobail scéalta, traidisiúin agus oidhreacht áitiúil a roinnt agus a cheiliúradh trí léirmhíniú iontaofa cuí faoi stiúir an phobail agus trí thionscadail oidhreachta atá bunaithe ar thaighde láidir. |
| **2.5** Cur i bhfeidhm iomlánaíoch de na moltaí a eascraíonn ó Iniúchtaí Oidhreachta & Pleananna Léirmhínithe.<br>**2.6** Feasacht an phobail maidir leis an oidhreacht chultúrtha a ardú agus soléiteacht a fheabhsú trí léirmhíniú cui a sholáthar ag foirgnimh, i gceantair, ar láithreáin, i sráidbhailte agus i mbailte.<br>**2.7** Tuiscint ar oidhreacht Fhine Gall a chur chun cinn agus a fheabhsú trí chainteanna, thaispeántais agus fhoilseacháin a fhorbairt; an rochtain dhigiteach a mhéadú trí léarscáileanna idirghníomhacha, fhíseáin, thaispeántais fhíorúla agus phodchraoladh agus trí tháirgí turasóireachta cultúrtha a fhorbairt.<br>**2.8** Tuiscint ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn mar chuid dár n-oidhreacht trí aird a dhíriú ar na gnéithe bithéagsúlachta atá le feiceáil i réadmhaoin, i ndiméinte, i dtírdhreacha deartha agus ar láithreáin, i mbileoga eolais agus ar ábhar ar líne. | Tá nasc ag an bpobal agus ag cuairteoirí le scéalta Fhine Gall a bhaineann le háiteanna agus le daoine trí léirmhíniú agus chumarsáid ardchaighdeáin ábhartha atá dírithe go háitiúil. |
| **2.9** Tacú le tionscadail agus le himeachtaí sa phobail agus comhroinnt eolais agus taithí idir phobail a éascú. | Méadú ar Líonra Oidhreachta Fhine Gall. |
| **2.10** Leanfar le hainmneacht gort agus logainmneacha a thaifeadadh chun ainmneacha traidisiúnta agus stairiúla agus eolas áitiúil a chaomhnú, agus mar bhunús d'ainmneacha nua. | Seanlogainmneacha agus ainmneacha gort Fhine Gall agus an chiall atá acu a chaomhnú don todhchaí. |
| **2.11** Deiseanna a threisiú chun déileáil le téamaí oidhreachta comhroinnte i rannóga éagsúla e.g. na hEalaíona, Ailtirí, Oidhreacht Leabharlanna, Turasóireacht, Bithéagsúlacht agus Pobal e.g. Comhoibriú le hOifig Ealaíon Fhine Gall agus le cleachtóirí chun léirmhíniú ealaíne a imeascadh mar bhealach do dhaoine rochtain a fháil ar an oidhreacht. | Cur chuige comhtháite chun tacú le tionscadail oidhreachta. |



# Gníomhú ar son na hAeráide don Oidhreacht

# 3. Gníomhú ar son na hAeráide don Oidhreacht

Gníomhú go práinneach chun ár stair agus á dtodhchaí a chosaint.

| Gníomh | | Toradh |
|---|---|---|
| **3.1** | *Torthaí Measúnaithe Riosca Athraithe Aeráide agus Oidhreacht Chultúrtha Fhine Gall* a úsáid chun modheolaíochtaí a fhorbairt maidir le hoiriúniú agus maolú a chleachtadh i dtaca leis na hacmhainní oidhreachta atá faoi úinéireacht na Comhairle. | Meicníochtaí comhordaithe, comhoibríocha bunaithe ar fhianaise chun athléimneacht a fhorbairt agus chun dul in oiriúint ar an tionchar ón Athrú Aeráide ar oidhreacht seandálaíochta agus thógtha an Chontae agus é a mhaolú. |
| **3.2** | Tionscadail eolaíocht saoránach a fhorbairt ar nós *Aeráid X Fhine Gall* chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na hathraithe aeráide ar acmhainní oidhreachta Fhine Gall don phobal, don fhiontar, don inmharthanacht agus don fholláine. | |
| **3.3** | Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar láithreáin chósta, abhann, idirthaoideacha agus fothaoidmheara, agus ar na timpeallachtaí thart timpeall, láithreáin longbhriste san áireamh. | |



# Ár nGuthanna go léir

# 4. Ár nGuthanna go léir

Tá oidhreacht ilchultúrtha Fhine Gall comhdhéanta as guthanna éagsúla, ón am atá thart agus ón lá inniu, agus tá sí le brath inár gceol, inár stair agus inár dtraidisiúin. Éascóimid gach guth agus éistfear le guthanna stairiúla agus leo siúd atá ann inniu.

| Gníomh | | Toradh |
|---|---|---|
| **4.1** | Comhoibriú le pobail aitiúla agus le páirtithe leasmhara chun tionscadail oidhreachta ábhartha a chruthú le cheile agus a fhreastalaíonn ar dhaoine nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu. | Tionscadail ina n-áirítear oidhreacht na bpobal nua éagsúil agus nach ndearnadh ionadaíocht cheart ar a son go stairiúil. |
| **4.2** | Comhoibriú idir-rannach laistigh den Chomhairle ag baint úsáide as na deiseanna a eascraíonn ó Fhine Gall Ildánach, chun bealaí comhtháite, nuálaíocha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina spreagtar daoine, le cláir agus le himeachtaí, chun dul i ngleic leis an oidhreacht, ina dhírítear ar lucht féachana nua nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu i ngach grúpa sóisialta, eitneach agus aoise | |
| **4.3** | Comhoibriú le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear scoileanna, grúpaí óige, eagraíochtaí oidhreachta agus láithreáin oidhreachta chun tionscnaimh a chomhchruthú ina dtacaítear le daoine óga dul i ngleic lena n-oidhreacht áitiúil ar bhealaí atá ábhartha agus mealltach, e.g. comórtais bunaithe ar an oidhreacht do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, imeachtaí a eagraítear i gCaiféanna Óige nó ionaid cheoil, tionscadail staire béil idirghlúine. | Deiseanna feabhsaithe do dhaoine óga chun dul i ngleic leis an oidhreacht áitiúil ar bhealaí atá ábhartha agus mealltach, ar scoil agus le linn a n-amm saor. |
| **4.4** | Comhoibriú le Staidéir Áitiiúil & Cartlanna Fhine Gall chun cur leis na bailiúcháin mhóra agus leis an eolas fairsing atá ann ar an stair áitiúil chun daoine óga a mhealladh le bealaí idirghníomhacha. | |
| **4.5** | Comhoibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun cláir reatha do scoileanna a chur chun cinn agus a fhorbairt (do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon), a thacóidh le seachadadh an churaclaim reatha agus curaclaim atá á bhforbairt ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile, e.g. Scéim Oidhreachta sna Scoileanna, Scoileanna Ildánacha Fhine Gall, Cúrsaí Samhraidh creidiúnaithe ag an Roinn Oideachais. | |
| **4.6** | Iniúchadh a dhéanamh ar bhailiúcháin bhéaloidis agus ar stair bhéil Fhine Gall chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár ndaoine agus a scéalta. | Tionscadail oidhreachta a aithníonn, a roinneann agus a cheiliúrann ár stair bhéil agus an nasc a chruthaíonn sé leis an gceantar. |
| **4.7** | Identify opportunities to incorporate Gaeilge and the range of spoken languages in Fingal into heritage plan implementation e.g., Create an Irish language events page on the Fingal website. | Language, oral traditions, music and intangible heritage that reflect our community, past and present, are celebrated, and recognised as part of our heritage. |
| **4.8** | Identify opportunities to collate the songs and music heritage of Fingal and celebrate local musicians and their legacy. | |



# Eolas a Chruthú

# 5. Eolas a Chruthú

Cur le heolas trí thaighde agus iniúchtaí a dhéanamh mar bhunús do chuir chuige bunaithe ar fhianaise maidir leis an oidhreacht a bhainistiú chomh maith le léirmhíniú iontaofa, ábhartha agus treoir dhea-chleachtais a sholáthar.

| Gníomh | | Toradh |
|---|---|---|
| **5.1** | Leanfar le bearnaí eolais a shainaithint, agus sonraí oidhreachta a bhailiú agus a roinnt (taighde bunúsach, suirbhéanna téamacha, agus tuarascálacha) chun na sonraí seo a chur i gcartlann de réir an dea-chleachtais. | Bunachar eolais feabhsaithe ar oidhreacht Fhine Gall, ar a mbunófar bainistíocht, léirmhíniú agus dea-chleachtas. |
| **5.2** | Cinnte a dhéanamh de go bhfuil rochtain ar thaighde ar an oidhreacht, a chuirtear i láthair trí Phleananna Ceantair Áitiúila, trí Thuarascálacha Measúnachta Timpeallachta agus trí chreataí agus straitéiseacha polasaí eile, agus go gcuireann sé seo leis an eolas atá againn. | |
| **5.3** | Leanfar le tacaíocht a sholáthar do Chlár Seandálaíochta Phobail Fhine Gall; é a fhorbairt agus torthaí a scaipeadh ó ghníomhaíocht seandálaíochta ceadaithe i bhFine Gall trí thionscadal GIS, trí fhoilseacháin, trí léachtaí poiblí agus trí imeachtaí. | |
| **5.4** | Comhoibriú leis an Oifig Chaomhantais chun tionscadail iniúchta agus taighde a shainaithint agus a fhorbairt agus iad a scaipeadh, e.g. oidhreacht thógtha na 20ú haois. | |
| **5.5** | Iniúchtaí a dhéanamh ar ghnéithe den oidhreacht phobail agus den ríocht phoiblí atá tábhachtach ó thaobh na staire de, ar nós clocha colbha, boscaí poist agus caidéil uisce stairiúla. | |



# Oidhreacht Inrochtana

# 6. Oidhreacht Inrochtana

Facilitate the local community and visiting tourists engaging with heritage by maximising access in terms of physical sites and assets, beyond social barriers, and in the digital context.

| Gníomh | | Toradh |
|---|---|---|
| **6.1** | Rochtain ar an oidhreacht a éascú don phobal áitiuil agus do chuairteoirí maidir le bacainní sóisialta agus an comhthéacs digiteach a bhaineann le láithreáin agus sócmhainní fisiciúla. | Bacainní fisiciúla, sóisialta agus cultúrtha a bhaint agus mar thoradh air sin, go bhfuil rochtain feabhsaithe ar an oidhreacht i bhFine Gall do chách. |
| **6.2** | Freastal ar rochtain uilíoch ar láithreáin faoi úinéireacht na Comhairle atá oscailte don phobal, agus feabhas a chur orthu, nuair is féidir, agus ag an am céanna cinnte a dhéanamh de go gcuirtear san áireamh tábhacht seandálaíochta, ailtireachta agus éiceolaíochta an láithreáin nuair atá rochtain á cur ar fáil, agus a chinntiú nach bhfuil sí damáistithe. | |
| **6.3** | Taighde a dhéanamh ar dhaoine a thugann cuairt ar láithreáin oidhreachta chun rannpháirtíocht chultúrtha ghrúpaí mionlaigh a mhéadú ar nós daoine faoi mhíchumas, baill den Lucht Taistil agus den ghrúpa LADTA, agus bealaí a shainaithint chun bacainní ar rochtain a bhaint agus an oidhreacht a cheiliúradh do chách. | |
| **6.4** | Taifid a choimeád ar oidhreacht agus ar bhithéagsúlacht Fhine Gall agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil rochtain ag gach comhpháirtí ar na sonraí, ar an léargas agus ar an saintreoir is gá chun cinntí a dhéanamh agus chun infheistíocht amach anseo a threorú. | |
| **6.5** | Tacú le rochtain ar shonraí oidhreachta a sholáthar sa chomhthéacs digiteach le hacmhainní ar líne agus sonraí mapáilte. | |
| **6.6** | Taighde a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nuálaíocha agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun oidhreacht Fhine Gall a chur chun cinn do phobail éagsúla. | |

# Cur i bhFeidhm

I príomhchomhpháirtí í Comhairle Contae Fhine Gall agus beidh sí i gceannas ar mhórán tionscadal agus gníomhartha a sheachadadh, le tacaíocht agus ionchur ó pháirtithe leasmhara éagsúla. Beidh gá le comhoibriú idir-rannach laistigh den Chomhairle agus le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí eile chun an Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Déanfar plean cur i bhfeidhm a fhorbairt gach bliain ina leagfar amach gníomhartha faoi leith. Gach bliain ullmhóidh an tOifigeach Oidhreachta tuarascáil faoin dul chun cinn atá déanta, ar a mbunófar tosaíochtaí don chéad bhliain eile – cuirtear san áireamh go dtógfaidh sé roinnt blianta roinnt de na tionscadail a chur i bhfeidhm. Cuirfear na tuarascálacha sin faoi bhráid an Fhóraim Oidhreachta agus soláthrófar iad don Choiste Polasaí Straitéiseach i gComhairle Contae Fhine Gall a bhaineann le Forbairt Pobail, Oidhreacht, Cultúr & Cruthaitheacht.

Beidh gá le dóthain acmhainní a sholáthar do gach Roinn i gComhairle Contae Fhine Gall trí bhuiséid oibríocha agus chaipitil a chur ar fáil chun an Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm. Déileálfar le riachtanais airgeadais faoi leith ar bhonn leanúnach mar chuid den phleanáil chur i bhfeidhm.

Ag deireadh na tréimhse seachadta don phlean déanfar measúnú chun torthaí an phlean a chainníochtú.

# Aguisín 1.
# Tionscadail Féideartha

Is léiriú iad na tionscadail a leanas ar an aiseolas a tháinig ón gcomhairliúchán poiblí; tá siad ailínithe le spriocanna ó phleananna ábhartha eile nó is moltaí iad a tháinig ó pháirtithe leasmhara. Déanfar na tionscadail a shoiléiriú trí chur i bhfeidhm bliantúil an phróisis plean agus beidh siad ag brath na hacmhainní atá ann.

| Ár nÁit a Chosaint |
|---|
| Láithreáin a lorg go gníomhach chun iarratais a chur isteach chuig Ciste Séadchomharthaí Pobail agus an scéim Glac Freagracht ar Shéadchomhartha |
| Uasdhátú a dhéanamh in 2025 ar an Tionscadal GIS Seandálaíochta do Chontae Bhaile Átha Cliath |
| Uasdhátú a dhéanamh ar Acmhainn Seandálaíochta Fhine Gall a Bhainistiú do pháirtithe leasmhara inmheánacha |
| Scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht an pholasaí caomhantais in situ ar láithreáin seandálaíochta i spásanna oscailte, lena n-áirítear cosaint, cothabháil agus feasacht. |
| Uasdhátú a dhéanamh ar Shuirbhé Oidhreacht Thionsclaíoch Fhine Gall agus é a fhoilsiú chun cur síos a dhéanamh ar stair na forbartha tionsclaíoch sa Chontae |
| Measúnú a dhéanamh ar bhaill na Struchtúr Cosanta go léir atá faoi úinéireacht na Comhairle, agus tús a chur le plean bainistíochta/cothabhála mar theimpléad do na struchtúir seo. |
| Plean bainistíochta riosca tubaiste a thionscnamh do réadmhaoin oidhreachta faoi úinéireacht na Comhairle mar theimpléad d'fhoirgnimh stairiúla eile a bhaineann leis an gComhairle. |
| Cothabháil éifeachtach leanúnach a chur chun cinn ar thithe stairiúla i mbileoga eolais atá éasca le léamh |
| Suirbhé seandálaíochta téamach a chur le chéile faoi áiteanna adhraidh i bhFine Gall |
| Láithreáin i bhFine Gall a shainaithint ina bhfuil gá le Pleananna Bainistíochta Caomhantais |
| Tograí a fhorbairt mar aighneachtaí don Tionscnaimh Bailte Stairiúla |
| Oiliúint athghiniúna dírithe ar an oidhreacht agus ceardlanna rannpháirtíochta don phobal faoi stiúir na hoifige athghiniúna nua. |
| Tionscadail oidhreachta muirí agus cósta atá oiriúnach a shainaithint |
| Ceardlanna agus oiliúint chun traidisiúin ar nós ceardaíocht iarainn, aoil, claí cloch agus fál a chur. |
| Tacú leis an oifig Bithéagsúlachta chun fál sceach teorainn a bhailte fearainn a mhapáil ar léarscáileanna infrastruchtúir ghlais. |

| Ár Scéalta a Roinnt |
|---|
| Tacú le Pleananna Iniúchta & Léirmhínithe faoi stiúir an phobail |
| Oiliúint agus Straitéisí Iniúchta oidhreachta a sholáthar don phobal |
| Scrúdú a dhéanamh ar an acmhainn atá ann do thionscnaimh oidhreachta bunaithe go háitiuil, ar nós bia a tháirgeadh go hinmharthana, sealgaireacht a dhéanamh, agus úsáidí traidisiúnta de chrainn agus de phlandaí áitiúla. |
| Comhoibriú féideartha le Bailiúchán Náisiúnta Béaloidis i UCD. |
| Tionscadal/oiliúint bunaithe ar sheancheardaíocht piseoga, scéalta ón dtraidisiún béaloidis, agus an Ghaeilge nó an seanteanga i bhFine Gall |
| Caomhantas oidhreachta, feasacht a ardú maidir lenár n-oidhreacht trí thurais stairiúla den cheantar. |
| An tionscadal ainmneacha gort i bhFine Gall a athbheochan |
| Scrúdú a dhéanamh ar an acmhainn atá ann do tháirgí turasóireachta faoi leith bunaithe ar an oidhreacht |
| Measúnú a dhéanamh ar chóir páirt a ghlacadh sa líonra ICAN – clár staire bunaithe sa cheantar |
| Cinnte a dhéanamh de go bhfuil pointí chun stopadh agus féachaint ar an radharc ar bhealach Cósta Fhine Gall |

## Gníomhú Aeráide ar son na hOidhreachta

| |
|---|
| Tionscadal a thionscnamh chun stair na n-aibhneacha agus tuilemhá i bhFine Gall a mhapáil |
| Beochan faoin Athrú Aeráide a dhéanamh chun freastal ar dhaoine óga |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú riosca don aeráid de bharr fianaise nua agus modheolaíochtaí nuashonraithe |
| Scrúdú a dhéanamh ar scileanna traidisiúnta bainistíochta talún ar mhaithe le bithéagsúlacht, e.g. Explore traditional land management skills for biodiversity e.g. meitheal speile ag at Droim Meánach |
| Tacú le agus cur le tionscadail 'eolaíocht saoránach', ar nós Oidhreacht Fhine Gall Aeráid X chun monatóireacht a dhéanamh ar an athrú aeráide i bhFine Gall |
| Athléimneacht agus straitéisí oiriúnaithe a fhorbairt don oidhreacht thógtha agus seandálaíochta faoi úinéireacht na Comhairle |

## Ár nGuthanna go léir

| |
|---|
| Tionscadal Béaloidis Lámhscríbhinní Scoile idirghlúnta a thionscnamh |
| Tionscadail léirmhínithe oidhreachta bunaithe ar leanaí a thionscnamh |
| Mapa Fuaimeanna Fhine Gall- bailiúchán d'fhuaimeanna agus de scéalta ó bhailte éagsúla |
| Iniúchadh bunlíne ar bhailiúcháin stairsheanchais a dhéanamh chun bearnaí a shainaithint agus chun tacú le tionscnaimh nua stairsheanchais bunaithe ar dhea-chleachtas. |
| Deiseanna a shainaithint chun oidhreacht cheoltóirí, scríbhneoirí agus ealaíontóirí áitiúla mór le rá a cheiliúradh. |
| Clár stairsheanchais a fhorbairt chun guthanna agus cuimhní i bhFine Gall a ghabháil de réir treorach Líonra Stairsheanchais na hÉireann. |
| Tacú le comórtais agus imeachtaí oidhreacht-bhunaithe do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna |
| Leathanach Gaeilge a chruthú le haghaidh imeachtaí ar shuíomh gréasáin Fhine Gall |

## Eolas a Chruthú

| |
|---|
| Leanfar le tionscadal Oidhreachta Bia Fhine Gall - Blas |
| Oidhreacht Spóirt Fhine Gall |
| Tacú leis an taighde agus an obair allamuigh do Foirgnimh na hÉireann imleabhar: Bruachbhailte Bhaile Átha Cliath agus an Chontae. |
| Scrúdú a dhéanamh ar oidhreacht iompair Fhine Gall – ón eitlíocht, iarnróid, canálacha, mótarspórt etc. |
| Comhoibriú le pobail chun go leanfar leis an tsraith Treoracha Oidhreachta agus an Oidhreacht ó Lastuas le haghaidh láithreán, sráidbhailte agus bailte ar fud Fhine Gall |
| Tacú le torthaí tochailtí i bhFine Gall a fhoilsiú. |
| Clár Seandálaíochta Phobail Fhine Gall a fhorbairt |
| Staidéar ar Fhuinneoga Daite i bhFine Gall |
| Oidhreacht Teicstíle Fhine Gall |
| Scrúdú ar dhigitiú a dhéanamh ar Shleamhnáin Ghloine Laindéir tábhachtacha atá á gcoimeád ag cumainn staire chun go mbeidh tuilleadh rochtana orthu |
| Tionscadal muirí a fhorbairt ina mbeidh gné scile, e.g. cothabháil bád |
| Iniúchtaí a dhéanamh ar ghnéithe, tábhachtach ó thaobh na staire de, den oidhreacht phobail agus den ríocht phoiblí, ar nós clocha colbha, boscaí poist agus caidéil uisce stairiúla. |
| In éineacht leis an Oifig Chaomhantais, tionscadal a fhorbairt, a bhaineann leis an oidhreacht a tógadh sa 20ú haois. |
| In éineacht le pobail áitiúla, tacú leis an obair thaifeadta a dhéantar i reiligí. |
| Feasacht a ardú maidir le hoidhreacht thionsclaíoch, mhíleata, mhuirí, eitlíochta, canála agus iarnróid i bhFine Gall. |
| Scrúdú a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar fhorbairtí eolaíochta ar nós taighde DNA agus pórtha neamhchoitianta, a chuirfidh leis an tuiscint atá againn ar oidhreacht talmhaíochta Fhine Gall. |

## Oidhreacht Inrochtana

| |
|---|
| Oidhreacht Mhíchumais |
| Oidhreacht na bpobal nua i bhFine Gall a thaifeadadh. |
| Scrúdú a dhéanamh ar chuir chuige digiteacha, cruthaitheacha; podchraoltaí; cosáin shealadacha agus bhuan lasmuigh; feabhas a chur ar an léirmhíniú atá ann faoi láthair; láithreáin amhairc a cheiliúradh; agus rochtain ar an oidhreacht a fheabhsú trí chomhfhorbairt áite. |
| Scrúdú a dhéanamh ar riachtanais chéadfacha maidir leis an oidhreacht a léirmhíniú. |
| Deiseanna, forbairtí agus tionscnaimh digiteacha a imeascadh chun go mbeidh cumarsáid láidir ann do chuairteoirí agus d'áitritheoirí araon i bhFine Gall. |
| Tionscadal Oidhreachta LADTA+ |
| Scrúdú a dhéanamh ar stair shóisialta trí imeachtaí stairiúla a reáchtáil |

# Aguisín 2.
# Seirbhísí Oidhreachta Fhine Gall

Tá baill foirne gairmiúla i Rannóga éagsúla de Comhairle Contae Fhine Gall a chomhoibríonn chun cur chuige comhtháithe a sheachadadh maidir le gach gné den oidhreacht a bhainistiú, a chosaint agus a chur chun cinn.

## Oifigeach Oidhreachta

Tá an Oifig Oidhreachta lonnaithe sa Rannóg Infrastruchtúir agus Pleanála Straitéisí agus, in éineacht le Fóram Oidhreachta Fhine Gall, tá sí i gceannas Plean Oidhreachta an Chontae a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Tacaíonn an tOifigeach Oidhreachta le Lionra Oidhreachta Fhine Gall agus le grúpaí pobail eile, Comhordaíonn sí freisin ionchur na Comhairle maidir leis an tSeachtain Oidhreachta Naisiúnta agus déanann sí an Ciste Séadchomharthaí a riar ar son an phobail.

*Teagmháil: Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta*
*Teil: 086 778 4669*
*Ríomhphost:* christine.baker@fingal.ie

## An Oifig Bhithéagsúlachta

San Oifig Bhithéagsúlachta tá ceathrar ball foirne faoi stiúir an Ofigigh Bhithéagsúlachta. Is é príomhról an Oifigigh Bhithéagsúlachta ná Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Fhine Gall a chur le Chéile agus a chur i bhfeidhm. Cuireann an Plean sin creat ar fáil chun gníomhú ar son na bithéagsúlatachta don tréimhse ó 2022-2230. Is í aidhm an phlean ná meath na bithéagsúlachta i bhFine Gall a chosc trí acmhainní a sholáthar don fhreagairt ar an ngéarchéim éiceolaíochta agus ar an éigeandáil aeráide atá ag dul i méid.

*Teagmháil: Hans Visser, Oifigeach Bithéagsúlachta*
*Teil: 01 890 5605*
*Ríomhphost:* biodiversity@fingal.ie

## An Oifig Chaomhantais

Tá an Oifig Chaomhantais, ina bhfuil beirt ag obair, lonnaithe i Rannóg na nAiltirí. Tugann sí comhairle d'fhoireann na Comhairle, d'úinéirí agus don phobal i gcoitinne mar gheall ar oidhreacht ailtireachta an Chontae, lena n-áirítear struchtúir Chosanta, Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus na foirgnimh stairiúla agus traidisiúnta atá i bhFine Gall.

*Teagmháil: Helena Bergin, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta (Feidhmeannach Sinsearach)*
*Teil: 087 769 5304*
*Ríomhphost:* conservation@fingal.ie

## Staidéir Áitiúla & Cartlanna Fhine Gall

Tá Staidéir Áitiúla & Cartlanna Fhine Gall bunaithe i 46 an tSráid Thuaidh, Sord. Bailíonn agus caomhnaíonn an tseirbhís taifid stairiúla a bhaineann le Fine Gall agus le Baile Átha Cliath i gcoitinne agus cuireann sé na taifid seo ar fáil. Tarlaíonn sé seo tríd na taifid a aistriú, a dheonadh nó a cheannach. I gceist leis an bhfor-rochtain áirítear taispeántais, foilseacháin, cainteanna, Féile Staire Fhine Gall agus rannpháirtíocht i Seachtain na hOidhreachta agus san Oíche Chultúir.

Áirítear i mbailiúcháin **na Staidéar Áitiúil** grianghraif, cártaí poist, léarscáileanna, saothair ealaíne, agus bailiúchán mór leabhar agus tréimhseachán a bhaineann leis an stair áitiúil mar aon le saothair thagartha, eolairí agus leabhair ghinearálta a bhaineann le seancahs agus stair. Sa **Chartlann** faightear taifid ón rialtas áitiúil i gContae Átha Cliath ó 1775 go dtí an lá atá inniu ann, lena n-áirítear na Turnpike Trusts, Ard-Ghiúiré Chontae Bhaile Átha Cliath, Aontais Dhlí na mBocht, Comhairlí Ceantair Thuaithe, Comhairle Ceantair Uirbigh Bhinn Éadair, Coimisinéirí Bhaile Bhrigín, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus roinnt bailiúchán príobháideacha, na Páipéir Hely-Hutchinson, Holmpatrick agus Hone.

Tá an tseirbhís chairdiúil agus éifeachtach seo ar fáil do gach duine a bhfuil suim acu sa stair áitiúil, shóisialta nó theaghlaigh i bhFine Gall agus i mBaile Átha Cliath i gcoitinne.

*Teagmháil: Karen de Lacey, Cartlannaí*
*Teil: 01 870 4486*
*Ríomhphost:* archives@fingal.ie

## Réadmhaoin Oidhreachta Fhine Gall a Bhainistiú

Tá an Rannóg Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta freagrach as Réadmhaoin Oidhreachta uathúil agus éagsúil Fhine Gall a bhainistiú. Déanann an Rannóg maoirseacht ar bhainistíocht laethúil na réadmhaoine atá oscailte don phobal anois faoi láthair agus ar an méid infheistíochta atá riachtanach chun iad a chosaint do na glúnta atá le teacht; is iad seo Caisleán Mhullach Íde & Gairdíní, Casino Mhullach íde, Teach & Feirm Droichead Nua, Caisleán Ard Giolláin, Muileann na Scéirí agus Caisleán Shord.

*Teagmháil: Stephen Hand, Oifigeach Foirne Sinsearach*
*Teil: 087 238 0894*
*Ríomhphost:* stephen.hand@fingal.ie

# Aguisín 3. Modheolaíocht agus Rannpháirtithe

## Conas a forbraíodh an Plean?

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an Phlean Oidhreachta Fhine Gall a bhí ann roimhe sin, thosaíomar ar phróiseas cuimsitheach rannpháirtíochta agus comhairliúcháin. Bhí dhá chuid sa phróiseas comhairliúcháin sin.

### Céim 1: Comhairliúchán Réamhdhréachta-Aibreán-Bealtaine 2023

Chun tuairimí a bhailiú ón méid daoine is féidir, reáchtáil Comhairle Contae Fhine Gall suirbhé ar líne ar a suíomh gréasáin (www.fingal.ie) agus cuireadh chun cinn don phobal é, do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí eile i bhFine Gall tríd na meáin shóisialta. Roinneadh an suirbhé freisin le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall chomh maith le heagraíochtaí a bhfuil baint acu le Fóram Imeasctha Fhine Gall.

Reáchtáladh seisiúin buail isteach i mBealtaine 2023 i Leabharlanna Bhaile Brigín agus Bhaile Bhlainséir, agus i dTeach Droichead Nua. Iarradh ar dhaoine suirbhé a chomhlánú ar líne ag baint úsáide as an bhfón (bhí cóipeanna páipéir ar fáil freisin). Reáchtáladh cruinnithe comhairliúcháin agus ceardlanna le Fóram Oidhreachta Fhine Gall, le Líonra Oidhreachta Fhine Gall agus le Comhairle na nÓg i bhFine Gall (le cúnamh ó Foróige).

Ghlac 266 duine páirt sa suirbhé ar líne. Bhí ceisteanna oscailte ann a dearadh chun tosaíochtaí a shainaithint don ghníomhú ar son na hoidhreachta go dtí 2030 agus chun smaointe a chíoradh faoi thábhacht na hoidhreachta, na príomhthéamaí ar chóir déileáil leo sa phlean, agus na príomhdúshláin atá ann maidir le hoidhreacht Fhine Gall a bhainistiú agus a chosaint. Scaipeadh tuarascáil iomlán ar an gcomhairliúchán réamhdhréachta d'Fhóram Oidhreachta Fhine Gall. Cuireadh i láthair í don SPC Forbairt Phobail, Oidhreacht, Cultúr & Cruthaitheacht, agus tá sí le fáil ag https://www.fingal.ie/FingalHeritagePlan2024-2030

Mar achoimre, d'aithin na rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann leis an oidhreacht as cúiseanna éagsúla, go háirithe mar a bhaineann sí le timpeallacht staire mhealltach, ómós áite agus pobail, stair shóisialta chomhroinnte. Aithnítear gur acmhainn teoranta í agus go bhfuil sí tábhachtach ó thaobh turasóireachta de mar aon le hinmharthanacht agus buntáistí eacnamaíocha.

Ba iad an caomhantas agus cúram a dhéanamh do láithreáin oidhreachta, na rudaí a d'aithin na grúpaí agus páirtithe leasmhara eile a d'fhreagair ar an suirbhé poiblí (e.g. séadchomharthaí, foirgnimh chosanta, reiligí stairiúla, láithreáin oidhreachta nádúrtha) mar phríomhthéama don Phlean Oidhreachta. Chuir freagróirí an tsuirbhé mar aon leis na grúpaí oidhreachta agus stair áitiúil atá páirteach sa Líonra Oidhreachta béim freisin ar oidhreacht áitiúil, e.g. foirgnimh thraidisiúnta,

stairsheanchas agus logainmneacha a thaifeadadh[3]. Le linn an chomhairliúcháin, luadh freisin réimse leathan d'fho-théamaí ar nós oidhreacht mhuirí agus chósta, oidhreacht talmhaíochta, spórt, bia, scileanna traidisiúnta, an Ghaeilge, agus an oidhreacht tionsclaíoch.

Chonacthas gur priomhthéama é don phlean go bhfuil gá le feasacht a ardú, an chumarsáid a fheabhsú agus daoine a mhealladh, lena n-áirítear daoine óga agus pobail nua – ní haon ionadh é seo mar is contae é seo atá ag fás go tapa agus ina bhfuil pobal atá éagsúil ó thaobh eitneachta de. Tá gá le feasacht a ardú chun go dtuigfidh daoine go gcuimsíonn an oidhreacht bithéagsúlacht, oidhreacht chultúrtha agus scéalta faoinár stair agus go bhfuil níos mó i gceist leis an oidhreacht ná sléibhre, seandálaíocht agus oidhreacht ailtireachta.

Aithníodh freisin go bhfuil sé tábhachtach oidhreacht Fhine Gall a thaifeadadh trí thaighde, iniúchtaí agus fardail, agus cláir oiliúna agus oideachais a sholáthar (e.g., scileanna traidisiúnta, bithéagsúlacht) agus tá leibhéal ard suime ann i dtaca le páirt a ghlacadh i dtionscadail nó oiliúint phraiticiúil a bhaineann leis an oidhreacht.

D'aithin mórán de na freagróirí an t-athrú aeráide mar thosaíocht. Is téama é sin i ngach polasaí agus de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Úsáidfear an measúnú riosca don oidhreacht de bharr athraithe aeráide mar bhunús don Phlean Oidhreachta.

Tá tionchar faoi leith ag an oidhreacht ar thurasóireacht i bhFine Gall agus tacaíonn cuir chuige comhtháithe maidir le tionscadail turasóireachta agus oidhreachta le rannpháirtíocht a chothú i measc an phobail. D'fhéadfadh tionscadail fiontair faoi stiúir an phobail bheith ina chabhair maidir leis seo freisin.

Mothaíonn na freagróirí ar an suirbhé gurb iad na príomhdhushláin atá i ndán d'oidhreacht Fhine Gall ná brú ó fhorbairt, easpa feasachta nó rannpháirtíochta, agus easpa maoinithe, acmhainní, agus acmhainn chun an oidhreacht a bhainistiú agus a chosaint.

3 Tugann Líonra Oidhreachta Fhine Gall grúpaí oidhreachta le chéile ón tír ar fad chun comhoibriú, eolas agus acmhainní a roinnt. Labhraíonn an líonra thar ceann na mball atá ann, agus cuireann siad le ceapadh beartais i gComhairle Contae Fhine Gall agus in eagraíochtaí ábhartha eile. Heritage Groups and Societies | Fingal County Council

## Céim 2: Dréachtphlean Oidhreachta, Comhairliúchán – Lúnasa – Deireadh Fómhair 2023

Cuireadh an Dréachtphlean Oidhreachta 2024-2030 le chéile chun meonta an phobail agus pháirtithe leasmhara a léiriú nuair a cuireadh in iúl iad le linn Céime 1 den phróiseas comhairliúcháin. Sa Dhréachtphlean leagadh amach fís agus spriocanna straitéiseacha dár n-oidhreacht chomhroinnte. Áirítear ann gach cineál oidhreachta, an chaoi a bhfuil siad fite fuaite lena chéile agus conas is fearr is féidir linn ár n-oidhreacht a chosaint agus rochtain uirthi a éascú. Tugadh cuireadh chun aighneachtaí agus meonta a chur isteach tríd an tairseach comhairliúcháin https://consult.fingal.ie or in writing.

Eagraíodh an tréimhse chomhairliúcháin don Dréachtphlean i ndiaidh Seachtain na hOidhreachta 2023 chun leas a bhaint as an méadú feasachta atá ann i measc an phobail, agus cuireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin ó Dé Céadaoin 23 Lúnasa go dtí Dé Céadaoin 04 Deireadh Fómhair 2023 (an dá dáta sin san áireamh). Cuireadh an próiseas comhairliúcháin chun cinn go mór trí Aonad Cumarsáide Fhine Gall, suíomh gréasáin fingal.ie agus tríd na meáin shóisialta. Reáchtáladh seiminéar gréasáin beo ar líne ar Dé Máirt 26 Deireadh Fómhair leis an Oifigeach Oidhreachta. Rinneadh taifead de agus b'fhéidir féachaint air ina dhiaidh sin. Fuarthas 10 aighneacht san iomlán. Cuireadh tuarascáil faoi na haighneachtaí chomh maith le Dréachtphlean leasaithe faoi bhráid Fhóram Oidhreachta Fhine Gall, agus ina dhiaidh sin cuireadh os comhair na Comhairle í agus faomhadh í ar 11 Nollaigh 2023.

# Rannpháirtithe

## Buíochas leo siúd to léir a roinn a gcuid ama agus a smaointe linn le linn an phróisis rannpháitríochta

D'fhreagair na heagraíochtaí a leanas ar an suirbhé comhairliúcháin réamhdhréachta agus thoiligh siad go n-áireofaí iad i liosta na rannpháirtithe.

- Muilte Scéirí
- Bailte Fiáine Bhaile Dúill
- Comhairle Pobail Bhaile Bachaille
- Cumann na bhFál Sceal Bhaile Bachaille
- Comórtas na mBailte Slachtmhara Bhaile Bachaille
- Cumann Staire Bhaile Bhlainséir Caisleán
- An Clr Adrian Henchy
- Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath Gníomhú ar son na hAeráide
- Comhairle na nÓg Fhine Gall
- Oidhreacht Fhine Gall Aeráid X 2021
- CLC Fhine Gall
- Sainchomhairleoirí Talmhaíochta Hackett
- Gaelcholáiste Reachrann
- Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Cumann Áitritheoirí an Inbhir
- Cumann Pobail Loch Sionnaigh
- LoveLusk
- Comhairle Pobail Lusca
- Comhairle Pobail an Aill
- Cumann Áitritheoirí Shráidbhaile Ongar
- Cumann Áitritheoirí Bhaile an Phóirtéaraigh
- Séadchomharthaí a Athbheochan
- Turasóireacht an Ros
- Scoil Seamus Ennis
- Grúpa Fear Shord Siúl agus Comhrá
- Grúpa Oidhreachta Ghleanna an Bharda
- Grúpa áitiúil An Taisce (teideal oibre)

Buíochas le Sinéad Begley ó Sinéad Begley & a Comhlaigh Teo. as a cuid tacaíochta sa chomhairliúchán a reáchtáladh don Phlean Oidhreachta agus as an bplean a chur le chéile.

# Fóram Oidhreachta Fhine Gall

Gabhaimid buíochas le Grúpa Stiúrtha Fhóraim Oidhreachta an Chontae as an gcomhairle agus an treoir a chuir siad ar fáil agus an plean seo á chur le chéile.

Tacaíonn Fóram Oidhreachta Fhine Gall, faoi stiúir an Oifigigh Oidhreachta, le Plean Oidhreachta Fhine Gall a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun an oidhreacht áitiúil a chosaint agus chun feasacht a ardú i measc an phobail maidir le taitneamh a bhaint as an sócmhainn luachmhar seo. Tá sé mar aidhm go ndéanann an Fóram seo ionadaíocht ar éagsúlacht an phobail i bhFhine Gall maidir le hinscne, tíreolaíocht agus leasanna cultúrtha. Tagann baill an Fhóraim ón rialtas áitiúil, ó ghníomhaireachtaí stáit, ó institiúidí oideachais, úinéirí talún/feirmeoirí, grúpaí pobail agus deonacha, agus grúpaí/eagraíochtaí oidhreachta. Soláthraíonn baill an Fhóraim réimse saineolais agus taithí don phróiseas comhpháirtíochta atá riachtanach chun oidhreacht Fhine Gall a chosaint.

## Ballraíocht reatha

- An Clr Pamela Conroy, Comhairle Contae Fhine Gall
- An Clr. Brendan Ryan, Comhairle Contae Fhine Gall
- An Clr. JK Onwumereh, Comhairle Contae Fhine Gall
- An Clr Cathal Boland, Comhairle Contae Fhine Gall
- An Clr. Howard Mahony, Comhairle Contae Fhine Gall
- Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Fhine Gall
- Karen de Lacey, Cartlannaí an Chontae, Staidéir Áitiúila & Cartlanna Fhine Gall
- Catherine Keane, Leabharlannaí Sinsearach, Staidéir Áitiúila & Cartlanna Fhine Gall
- Sarah O'Neill, Oifig Ealaíon, Comhairle Contae Fhine Gall
- Helena Bergin, Oifigeach Caomhantais, Comhairle Contae Fhine Gall
- Fionnuala May, Ailtire an Chontae, Comhairle Contae Fhine Gall
- Kevin Halpenny, Stiúrthóir Páirce Sinsearach, Comhairle Contae Fhine Gall
- Hans Visser, Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Contae Fhine Gall
- Roisin Burke, Pleanóir Sinsearach, Comhairle Contae Fhine Gall
- Elaine O'Sullivan, Turasóireacht Fhine Gall, Comhairle Contae Fhine Gall
- Eilish Harrington, LEADER Fhine Gall
- Roisin O'Callaghan, Iascaigh Intíre Éireann (IFI)
- Tom Condit, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
- Thomas Murphy, Líonra Oidhreachta Fhine Gall
- Richard  Williams, An Taisce
- Mairead Stack, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS)
- Charlotte Sheridan, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI)
- James McGrane, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Brian Arnold, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- An Dr Jessica Smyth, Roinn na Seandálaíochta, UCD
- Teresa Bolger, Institiúid Seandálaithe na hÉireann (IAI)

**Comhordaitheoir an Phlean Oidhreachta:** Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta, CCFG


THATCH PROJECT
2022

